RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/51 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Eanáir 2021

lena n-údaraítear athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh "*tras*-reasvaratról" faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha a údaraítear agus a chuirtear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1190 ón gCoimisiún ([3]) lena n-údaraítear *tras*-reasvaratról a chur ar mhargadh an Aontais mar chomhábhar bia núíosaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lena úsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), i bhfoirm capsúil nó i bhfoirm táibléid, le haghaidh daoine fásta.

(4) An 31 Eanáir 2020, chuir an chuideachta *DSM Nutritional Products Europe* ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh "*tras*-reasvaratról" a athrú. D'iarr an t-iarratasóir an modhnú ar na formáidí seachadta le haghaidh forbhianna ina bhfuil an bia núíosach *tras*-reasvaratról, go háirithe na formáidí seachadta sonracha, foirm capsúil nó táibléid, a bhaint, de dheasca nach liostaítear ach na foirmeacha forbhianna a cheadaítear i liosta an Aontais.

(5) Measann an t-iarratasóir go bhfuil gá leis na formáidí seachadta le haghaidh forbhianna ina bhfuil *tras*-reasvaratról a mhodhnú, mar go bhféadfaí *tras*-reasvaratról a úsáid i bhfoirmeacha forbhia seachas i bhfoirm capsúil nó i bhfoirm táibléid de bharr an mhodhnaithe sin.

(6) Tá roinnt bianna núíosacha a údaraítear i bhforbhianna faoi láthair agus a liostaítear i liosta bianna núíosacha an Aontais nár sonraíodh na formáidí seachadta ina leith. Dá bhrí sin, trí na formáidí seachadta le haghaidh forbhianna ina bhfuil *tras*-reasvaratról a mhodhnú, d'áiritheofaí comhsheasmhacht maidir le coinníollacha úsáide na bhforbhianna chomh maith le níos mó roghanna a sholáthar d'oibreoirí gnólachtaí bia chun roghanna tomhaltóirí a leanúint.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1190 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2016 lena n-údaraítear *tras*-reasvaratról a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núíosaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 196, 21.7.2016, lch. 53).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair núíosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

([5]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

(7) Níor iarr an Coimisiún tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia i gcomhréir le hAirteagal 10(3) mar nach dócha go mbeidh tionchar ag an athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh "*tras*-reasvaratról" trí bhaint na bhfhormáidí seachadta sonracha forbhianna ar shláinte an duine. Dá bhrí sin, is iomchuí coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh "*tras*-reasvaratról" a athrú chun a úsáid a údarú in aon fhoirm forbhianna ar an uasleibhéal a údaraíodh roimhe.

(8) Níl aon athrú tagtha ar uasleibhéal *tras*-reasvaratról i bhforbhianna a údaraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1190 agus a léirítear i liosta bianna núíosacha an Aontais. Tá na himthosca sábháilteachta lenar tacaíodh le húdarú *tras*-reasvaratról i bhforbhianna bailí go fóill agus níl aon imní maidir le sábháilteacht i gceist le formáidí seachadta sonracha forbhianna a bhaint.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An iontráil i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus a chuirtear san áireamh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, ag tagairt do "*tras*-reasvaratról", leasófar í de réir mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Beidh na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn san iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh "Tras-reasvaratról" i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe):

Bia núíosach údaraithe	Na coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
Tras-reasvaratról	*Catagóir sonrach bia*	*Uasleibhéil*	1. "*Tras*-reasvaratról" a bheidh mar ainm an bhia núíosaigh ar lipéadú na bhforbhianna a bhfuil sé iontu. 2. Beidh ráiteas ar lipéadú na bhforbhianna a bhfuil *tras*-reasvaratról iontu nár cheart do dhaoine a úsáideann cógais an táirge a úsáid ach faoi threorú dochtúra."		
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh daoine fásta	150 mg/lá			